Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2022
(OR. en)**

**12029/22**

**AGRILEG 121
VETER 67
DENLEG 66
PHARM 143
DELACT 163**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 6496 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.9.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 6496 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 6496 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.9.2022
C(2022) 6496 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.9.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí rialaithe eile ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonann coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas Eorpach.

Le hAirteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625, tugtar de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha a leagan síos atá le hurramú ag ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha, lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625[2] ón gCoimisiún, forlíontar na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le bia-ainmhithe agus earraí áirithe atá faoi réir an tír nó réigiún di a áireamh nó maidir leis an mbunaíocht ar liosta agus maidir le deimhnithe oifigiúla a eisiúint nó fianú príobháideach a thíolacadh, agus na coinníollacha sonracha maidir le teacht isteach san Aontas i gcás na n-ainmhithe sin agus na n-earraí sin.

Is gá Rialachán (AE) 2017/625 a fhorlíonadh tuilleadh trí choinníollacha breise a bhunú maidir le teacht isteach ainmhithe agus earraí san Aontas, chun a áirithiú, tar éis rialuithe a dhéanamh ar bhia-ainmhithe agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha atá beartaithe a thabhairt isteach san Aontas, go gcomhlíonann na bia-ainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin srianta agus ceanglais atá coibhéiseach, ar a laghad, leis na srianta ar úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta ("VMP") faoi seach a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis na ceanglais maidir le héilleáin agus iarmhair VMP agus lotnaidicídí i mbia-ainmhithe agus earraí a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais trí bhíthin pleananna rialaithe rioscabhunaithe.

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo na ceanglais fhorlíontacha uile maidir le teacht isteach ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha san Aontas a leagan síos, i gcomhréir le hAirteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625, i Rialachán Tarmligthe aonair, lena ndéanfar na srianta ar úsáid VMP agus na ceanglais maidir le héilleáin

---

1 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe i gcomhair thomhaltas an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

agus iarmhair VMP agus lotnaidicídí a chumasc leis na ceanglais dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625, atá le haisghairm.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit laistigh de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin um Iarmhair Drugaí Tréidliachta[3] agus maidir le Sláinteachas Bia agus Rialú Bia de Bhunadh Ainmhíoch[4], a tháinig le chéile ar an ábhar an 3 Lúnasa 2022 agus an 3 Bealtaine 2022, faoi seach.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí geallsealbhóirí tríd an nGrúpa Comhairleach um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe agus Plandaí.

Cuireadh tríú tíortha ar an eolas trí fhógra a thabhairt don Eagraíocht Dhomhanda Trádála faoi chuimsiú an Chomhaontaithe maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm.

Ar deireadh, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin phoiblí ar bhealach oscailte trédhearcach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr sular ghlac sé an Rialachán Tarmligthe seo[5].

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, coimeádtar na ceanglais reatha maidir le teacht isteach ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha san Aontas agus chun gealltanas an tríú tír a ráthú go gcomhlíonfaidh na hainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin srianta agus ceanglais atá coibhéiseach ar a laghad le srianta an Aontais maidir le húsáid VMP agus le ceanglais an Aontais maidir le héilleáin agus iarmhair VMP agus lotnaidicídí i mbia-ainmhithe agus earraí.

Ós rud é go bhfuil na ceanglais reatha á gcoimeád ag an Rialachán Tarmligthe, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad Airteagal 126(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/625 an bunús dlí leis an Rialachán Tarmligthe.

---

3 Tagairt E03595 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna.
4 Tagairt E03522 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna.
5 http://ec.europa.eu/smart-regulation/better_regulation/documents/iia_blm_final_ga.pdf.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.9.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)[1], agus go háirithe Airteagal 126(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625, leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe chun comhlíonadh a áirithiú, ag coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha nó ó réigiúin díobh atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, ar theacht isteach san Aontas dóibh, le reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht bia agus beatha.

(2) Le Rialachán (AE) 2017/625, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin maidir le tabhairt isteach bia-ainmhithe agus earraí áirithe san Aontas a fhorlíonadh. Féadfar ceanglais bhreise a áireamh sna coinníollacha sin, eadhon an fhéidearthacht go gceadófaí ainmhithe agus earraí a thabhairt isteach ó thríú tíortha a thaispeántar ar liostaí arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún chun na críche sin, agus chun na críche sin amháin. Áirítear ar na ceanglais bhreise sin ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh:

- bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí agus ar ghrúpaí iarmhar in ainmhithe agus in earraí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, i gcomhréir le Treoracha 96/23/CE[2] agus 96/22/EC[3] ón gComhairle;

[1] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

[2] Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena

– na rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha a chosc, a rialú agus a dhíothú in ainmhithe beo agus i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4];

– na prionsabail agus na ceanglais ghinearálta lena rialaítear bia i gcoitinne agus sábháilteacht bia go háirithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5];

– na rialacha ginearálta le haghaidh oibreoirí gnó bia maidir le sláinteachas táirgí bia, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6];

– na rialacha sonracha maidir le sláinteachas bia de bhunadh ainmhíoch d'oibreoirí gnó bia, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7];

– na rialacha sonracha maidir leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh, agus le haghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh, ag na húdaráis inniúla maidir le hainmhithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a tháirgeadh atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624[8] ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún[9].

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625[10] ón gCoimisiún, leagtar síos ceanglais bhreise den sórt sin agus tá feidhm aige ón 14 Nollaig 2019. Ní chumhdaítear leis na ceanglais a leagtar síos cheana i dTreoir 96/23/CE.

---

n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE agus Treoir 86/469/CEE agus Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

3 Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L125, 23.5.1996, lch. 3).

4 Rialachán (EC) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

5 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta an dlí bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

6 Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas táirgí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

7 Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

8 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialacha sonracha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh faoi tháirgeadh na feola agus le haghaidh limistéir táirgthe agus athsheachadta na moileasc débhlaoscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1)

9 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

10 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le

(4) I láthair na huaire, maidir le tríú tíortha óna n-údaraítear ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i ndáil le rialacha an Aontais maidir leis an tsláinte phoiblí, déantar iad a áireamh agus a choinneáil ar liostaí arna gcur i dtoll a chéile ar bhonn ceanglas éagsúil, lena n-áirítear plean rialaithe a bheith ann le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de ina leagtar amach ráthaíochtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar ghrúpaí áirithe substaintí agus a n-iarmhair agus éilleáin, i gcomhréir le ceanglais Threoir 96/23/CE.

(5) Le Rialachán (AE) 2017/625 aisghaireadh Treoir 96/23/CE le héifeacht ón 14 Nollaig 2019 agus rinneadh foráil maidir le forálacha áirithe den Treoir sin a chur i bhfeidhm go hidirthréimhseach go dtí an 14 Nollaig 2022.

(6) Ba cheart tabhairt isteach ceanglas breise chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí agus ar ghrúpaí iarmhar in ainmhithe agus in earraí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine a leagtar síos i dTreoir 96/23/CE, a chur leis na ceanglais bhreise a leagtar síos cheana i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, na ceanglais bhreise sin a leagan síos in aon Rialachán Tarmligthe amháin, agus ar an gcaoi sin a léirmhíniú agus a gcur i bhfeidhm a shimpliú agus an trédhearcacht do thríú tíortha a fheabhsú.

(8) Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 leagtar síos ceanglais ar oibreoirí gnó bia a thugann táirgí de bhunadh ainmhíoch isteach san Aontas. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh na ceanglais bhreise a leagtar síos sa Rialachán seo le haghaidh rialuithe oifigiúla i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos cheana i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(9) Agus na ceanglais maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine á leagan síos san Aontas, ba cheart tagairt a dhéanamh do na cóid Ainmníochta Comhcheangailte a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87[11], ón gComhairle, chun na hearraí agus na hainmhithe sin a shainaithint go soiléir.

(10) Níor cheart cead a bheith ag coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine teacht isteach san Aontas, bunaithe ar anailís riosca, ach amháin i gcás inar féidir leis na tríú tíortha nó na réigiúin díobh óna dtagann na hainmhithe agus na hearraí sin a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le sábháilteacht na n-ainmhithe agus na n-earraí sin agus go n-áirítear na tríú tíortha sin nó na réigiúin díobh, i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625, ar na liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún[12].

(11) De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, ba cheart ceanglais shonracha a leagan síos d'ainmhithe agus d'earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, chun a áirithiú go dtugann tríú tíortha

---

coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

11 Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

12 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

nó réigiúin díobh ráthaíochtaí maidir le héifeachtúlacht rialuithe oifigiúla ar shábháilteacht bia i dtaca leis na hainmhithe agus na hearraí sin. Níor cheart tríú tíortha nó réigiúin díobh a bheith le feiceáil ar na liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, ach amháin tar éis fianaise agus ráthaíochtaí a chur ar fáil go gcomhlíonann na hainmhithe agus na hearraí de thionscnamh na dtríú tíortha nó réigiún díobh ceanglais an Aontais maidir le sábháilteacht bia a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 852/2004, (CE) Uimh. 853/2004, (AE) 2017/625, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo.

(12) Faoi Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, féadfaidh an Coimisiún an cinneadh chun tríú tíortha a áireamh ar na liostaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a dhéanamh ar an gcoinníoll go soláthróidh na tríú tíortha sin fianaise agus ráthaíochtaí comhlíontachta iomchuí le ceanglais an Aontais maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmhithe agus maidir le comhlíonadh coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha atá beartaithe a thabhairt isteach san Aontas leis na huasteorainneacha iarmhar do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, le huasleibhéil d’iarmhair lotnaidicídí agus le huasleibhéil éilleán atá bunaithe i reachtaíocht an Aontais. Áirithítear leis sin go mbeidh an leibhéal céanna cosanta sláinte ag na bia-ainmhithe sin, ag na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin agus ag na táirgí ilchodacha sin dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le bia agus sábháilteacht bia.

(13) Chun an leibhéal céanna cosanta sláinte a áirithiú, ba cheart fianaise agus ráthaíochtaí a chur ar fáil trí phlean rialaithe le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de a chur isteach lena gcomhlíonfar na ceanglais áirithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas sin a áirithiú, ba cheart pleananna rialaithe nuashonraithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil.

(14) Féadfar tríú tíortha a áireamh ar an liosta a leagtar síos in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 má chuireann siad fianaise agus ráthaíochtaí iomchuí ar fáil maidir leis na bia-ainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch lena n-áirítear iad sin a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha a thagann isteach san Aontas, gur de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír iad a áirítear ar liosta na dtríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de do na bia-ainmhithe sin, do na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin agus do na táirgí ilchodacha sin. Ba cheart faisnéis a sholáthar maidir leis na nósanna imeachta atá ar bun chun inrianaitheacht na mbia-ainmhithe agus na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch lena mbaineann a áirithiú agus chun tionscnamh na n-ainmhithe agus na dtáirgí sin a ráthú chun leas a bhaint as an liosta sin.

(15) Le reachtaíocht an Aontais leagtar síos rialacha maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus bunaítear teorainneacha maidir lena n-iarmhair i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann as úsáid den sórt sin. Níor cheart bia-ainmhithe ná táirgí de bhunadh ainmhíoch lena n-áirítear iad sin a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha teacht isteach san Aontas ach ó thríú tíortha lena n-áirithítear go bhfuil rialuithe ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-iarmhair i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch atá coibhéiseach ar a laghad le pleananna rialaithe an Aontais a chuimsítear sna pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúla dá

dtagraítear i Rialachán Tarmligthe 2022/x[13] [C(2022)4400] ón gCoimisiún agus i Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/xx[14] [C(2022)4401] ón gCoimisiún. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808[15] ón gCoimisiún maidir leis na rialuithe oifigiúla ar na substaintí agus ar na hiarmhair sin.

(16) Faoi Threoir 96/22/CE toirmisctear béite-agónaithe agus substaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo a úsáid i mbia-ainmhithe san Aontas. Mar an gcéanna, liostaítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010[16] ón gCoimisiún substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de ar substaintí iad atá toirmiscthe lena n-úsáid san Aontas. Níor cheart go gceadófaí ach do thríú tíortha a chuireann ráthaíochtaí ar fáil go gcomhlíonann bia-ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear iad sin a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha, na forálacha sin nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo a theacht isteach san Aontas.

(17) Le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], leagtar síos clár rialaithe comhordaithe de chuid an Aontais maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha nó ar bhia agus ar bheatha de bhunadh plandaí agus ainmhíoch, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar nochtadh tomhaltóirí agus ar chur i bhfeidhm reachtaíochta san Aontas. Is cuid dhílis de na cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla le haghaidh iarmhair lotnaidicídí atá le bunú ag na Ballstáit an clár rialaithe sin de chuid an Aontais. Níor cheart bia-ainmhithe ná táirgí de bhunadh ainmhíoch lena n-áirítear iad sin a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas ach ó thríú tíortha, rud a áirithíonn go ndéantar rialuithe ar iarmhair lotnaidicídí de réir na ndianchritéar céanna a fhorchuirtear ar na Ballstáit trí na cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla d'iarmhair lotnaidicídí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1355 ón gCoimisiún[18]. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/xx ón gCoimisiún an … [C(2022)4400] lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ceanglais shonracha ann maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhair díobh atá toirmiscthe nó neamhúdaraithe (IO L …, …, lch. …).

[14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xx ón gCoimisiún an… [C(2022)4401] maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha i dtaca le pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúla maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus iarmhair de, ar substaintí iad atá toirmiscthe nó neamhúdaraithe, (IO L …, …, lch. …).

[15] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le modhanna anailíseacha a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe agus maidir le léirmhíniú na dtorthaí agus maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE (IO L 180, 21.5.2021, lch. 84).

[16] Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, agus aicmiú na substaintí sin i ndáil le huasteorainneacha iarmhar in ábhair bheatha de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

[17] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

[18] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1355 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2021 maidir le cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla i ndáil le hiarmhair lotnaidicídí atá le leagan síos ag na Ballstáit (IO L 291, 13.8.2021, lch. 120).

gcuirtear fianaise ar fáil trí shampláil atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de go gcomhlíonann na táirgí atá beartaithe lena dteacht isteach san Aontas reachtaíocht an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí.

(18) Déantar foráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931[19] ón gCoimisiún agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932[20] ón gCoimisiún maidir le bunú agus ábhar pleananna rialaithe rioscabhunaithe le haghaidh éilleán i mbia. Níor cheart táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha teacht isteach san Aontas ach ó thríú tíortha, rud a áirithíonn go ndéantar rialuithe ar éilleáin chun fianaise a sholáthar go gcomhlíonann táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha atá beartaithe lena dteacht isteach san Aontas reachtaíocht an Aontais maidir le héilleáin.

(19) Leagtar amach i gCinneadh 2011/163/AE[21] ón gCoimisiún, i gcomhréir le Treoir 96/23/CE, liosta tríú tíortha atá údaraithe chun speicis áirithe ainmhithe nó táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas.

(20) Tar éis aisghairm Threoir 96/23/CE, cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxxxx[22] ón gCoimisiún in ionad Chinneadh 2011/163/AE ina iomláine.

(21) Níor cheart ceadú do choinsíneachtaí earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine teacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina ndéantar na hearraí sin a sheoladh nó a fháil ó bhunaíochtaí atá ar an liosta, nó a ullmhú i mbunaíochtaí atá ar an liosta a dréachtaíodh agus a choimeádtar cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625. Ina theannta sin, chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha sláinteachais bia an Aontais, nó rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad, is iomchuí a fhoráil, agus an liosta sin á tharraingt suas agus á thabhairt cothrom le dáta, gur cheart don tríú tír ráthaíochtaí breise a thabhairt dóibh siúd dá bhforáiltear in Airteagal 127(3), i bpointe (e)(i) agus i bpointe (iv) de Rialachán (AE) 2017/625.

(22) Ba cheart na liostaí de bhunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 127(3), pointe (e)(i), de Rialachán (AE) 2017/625 a chur ar fáil don phobal chun trédhearcacht a áirithiú d'oibreoirí gnó bia agus do thomhaltóirí. Chun an trédhearcacht sin a neartú, níor cheart do na Ballstáit teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a cheadú ach amháin i gcás ina n-eisíonn údaráis inniúla an tríú tír na deimhnithe oifigiúla a cheanglaítear le haghaidh coinsíneachtaí den sórt sin faoi na rialacha ábhartha de chuid an Aontais tar éis na liostaí sin a fhoilsiú.

(23) Ní gá ceanglais liostaithe den sórt sin a leagan síos maidir le hearraí atá beartaithe le haghaidh idirthurais, ós rud é gur riosca íseal iad na hearraí sin ó thaobh sábháilteacht

---

19 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia (IO L162, 17.6.2022, lch. 7).

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúla agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú (IO L162, 17.6.2022, lch. 13).

21 Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

22 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxxxx ón gCoimisiún an … lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le liosta tríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, teorainneacha uasta iarmhair na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus na lotnaidicídí agus uasleibhéil éilleán, (IO L …, …, lch. …).

bia de agus nach gcuirtear ar an margadh iad laistigh den Aontas. Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le bunaíochtaí nach ndéanann ach gníomhaíochtaí táirgthe príomhúla, oibríochtaí iompair, stóráil táirgí de bhunadh ainmhíoch nach gceanglaítear leo dálaí stórála teochtrialaithe nó táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte dá dtagraítear in Alt XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(24) Le Rialachán (AE) Uimh. 210/2013[23] ón gCoimisiún, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla bunaíochtaí a tháirgeann eascróga a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, nó rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad, níor cheart cead a thabhairt eascróga a theacht isteach san Aontas ach amháin má tháirgtear iad i mbunaíochtaí a thaispeántar ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(25) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha an Aontais maidir le sláinteachas bia, nó rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad, níor cheart táirgí ó bhunaíochtaí a mhonaraíonn feoil úr, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, táirgí feola, feoil díchnámhaithe go meicniúil ná amhábhair atá beartaithe chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh a cheadú a theacht isteach san Aontas ach amháin má tá na bunaíochtaí sin le feiceáil ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625. Ina theannta sin, maidir leis na hamhábhair as a monaraítear na táirgí sin, ba cheart iad a theacht ó bhunaíochtaí (seamlais, bunaíochtaí láimhseála géim, ionaid spólta agus bunaíochtaí a láimhseálann táirgí iascaigh), atá luaite ar liostaí de na bunaíochtaí a tarraingíodh suas agus a coimeádadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625.

(26) Níor cheart go gceadófaí do choinsíneachtaí moileasc débhlaoscach beo, eicínideirmeach beo, túiniceach beo ná gastrapódach muirí beo teacht isteach san Aontas ach ó limistéir táirgeachta i dtríú tíortha nó i réigiúin díobh atá le feiceáil ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625 chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha is infheidhme maidir leis na táirgí sin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, nó le rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad. Agus na liostaí sin á bhfoilsiú, ba cheart trédhearcacht a áirithiú d'oibreoirí gnó bia agus do thomhaltóirí maidir leis na limistéir táirgthe óna gceadaítear moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo agus gastrapóid mhuirí bheo a thabhairt isteach san Aontas.

(27) Níor cheart go gceadófaí coinsíneachtaí táirgí iascaigh a thabhairt isteach san Aontas ach amháin i gcás ina seoltar na coinsíneachtaí sin ó bhunaíocht ar talamh, ina bhfaightear iad nó ina n-ullmhaítear iad i mbunaíocht ar an talamh, i soitheach cuisnithe, i monarcha nó i reothrálaeir a bhfuil bratach tríú tír ar foluain orthu agus atá ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625 chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an Aontais, go háirithe na ceanglais shonracha maidir le táirgí iascaigh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus i Rialachán Cur Chun

[23] Rialachán (AE) Uimh. 210/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le formheas ar bhunaíochtaí a tháirgeann eascróga de bhun Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 12.3.2013, lch. 24).

Feidhme (AE) 2019/627, nó rialacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad. Le foilsiú na liostaí sin, ba cheart go n-áiritheofaí trédhearcacht d'oibreoirí gnó bia agus do thomhaltóirí maidir leis na soithí a bhféadfar a dtáirgí iascaigh a thabhairt isteach san Aontas.

(28) Braitheann an riosca a bhaineann le táirgí ilchodacha ar an gcineál comhábhar a bhaineann leo agus ar dhálaí stórála na gcomhábhar sin. Ba cheart ceanglais maidir leis na coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha a leagan síos, dá bhrí sin, chun a áirithiú go n-onnmhaireofar na táirgí ilchodacha lena mbaineann riosca ó thríú tíortha atá údaraithe a theacht isteach san Aontas de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Is iad na táirgí ilchodacha lena mbaineann riosca iad siúd ina bhfuil táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch, a bhfuil ceanglais shonracha leagtha síos ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, nó a bhfuil gá le plean faireacháin iarmhar ina leith.

(29) I bhfianaise líon na bhfógraí a fuarthas sa Chóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, baineann riosca breise nach gcomhlíonfar ceanglais an Aontais maidir le sábháilteacht bia i gcás coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena gcur ar an margadh lena dtomhailt ag an duine. Dá bhrí sin, ba cheart coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí den sórt sin a bheith faoi réir deimhniúcháin aonair le haghaidh gach coinsíneachta roimh theacht isteach san Aontas. Cuidíonn an deimhniúchán sin freisin le ceanglais ábhartha an Aontais a mheabhrú d'oibreoirí gnó bia agus d'údaráis inniúla tríú tíortha nó réigiún díobh. Leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235[24] deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha nó deimhnithe oifigiúla caighdeánacha nó iad araon chun na críche sin. Ba cheart deimhnithe sláinte ainmhithe nó deimhnithe oifigiúla le fianú sláinte ainmhithe a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí den sórt sin nach bhfuil an tAontas ina gceann scríbe deiridh dóibh, ach níl gá le fianú sláinte poiblí i gcás na n-ainmhithe agus na n-earraí sin, ós rud é nach gcuirfear ar an margadh san Aontas iad. A mhéid a bhaineann le táirgí ilchodacha áirithe, a mbaineann riosca íseal leo, ba cheart fianú príobháideach ón oibreoir gnó bia a thugann earraí isteach san Aontas a chur in ionad an deimhnithe chun cur chuige comhréireach bunaithe ar riosca a áirithiú.

(30) Ba cheart táirgí ilchodacha fadré lena mbaineann riosca diomaibhseach, amhail na cinn sin inarb iad oibreáin feabhsaithe bia, eadhon vitimín D3, breiseáin bia, einsímí bia nó blastáin bia an t-aon táirge ainmhí atá sa táirge ilchodach deiridh a dhíolmhú ó rialuithe ag na teorainneacha agus ó cheanglais maidir le fianú príobháideach.

(31) Is é is aidhm le forálacha an Rialacháin seo teacht in ionad na bhforálacha ar fad i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 a aisghairm.

[24] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus a ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniú oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

(32) Ós rud é go scoirfidh Iarscríbhinní I, II, III agus IV de Threoir 96/23/CE d'fheidhm a bheith acu an 14 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 15 Nollaig 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I:
# Raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Forlíontar leis an Rialachán seo Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiúin díobh a theacht isteach san Aontas lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sna rialacha maidir le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625 nó na ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad.

2. Cumhdófar leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 1:

(a) sainaithint bia-ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine faoi réir na gceanglas seo a leanas maidir le teacht isteach san Aontas:

(i) an ceanglas go dtiocfaidh na bia-ainmhithe sin agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine ó thríú tír nó ó réigiún díobh a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625;

(ii) an ceanglas go ndéanfar na bia-ainmhithe sin agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine a sheoladh ó bhunaíochtaí, a fháil nó a ullmhú i mbunaíochtaí a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625, nó a chomhlíonann ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad, agus atá luaite ar na liostaí arna dtarraingt suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), le pointe (e)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2017/625;

(iii) an ceanglas go mbeadh deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil nó aon fhianaise eile ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625 ag gabháil le gach coinsíneacht bia-ainmhithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, amhail fianú príobháideach, i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/625;

(b) ceanglais maidir le teacht isteach bia-ainmhithe agus earraí áirithe san Aontas atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine ó thríú tír nó ó réigiún díobh, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625;

(c) na ceanglais go ndéanfar na bia-ainmhithe sin agus earraí áirithe a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine a sheoladh ó bhunaíochtaí, a fháil nó a ullmhú i mbunaíochtaí a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625, nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad, agus atá luaite ar na liostaí arna dtarraingt

suas agus arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), le pointe (e)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2017/625;

(d) ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas chun na tráchtearraí sonracha seo a leanas a chur ar an margadh de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 126 de Rialachán (AE) 2017/625:

(i) feoil úr, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, táirgí feola, feoil díchnámhaithe go meicniúil agus amhábhair atá beartaithe chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh;

(ii) moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo agus gastrapóid mhuirí bheo;

(iii) táirgí iascaigh;

(iv) táirgí ilchodacha;

(e) ceanglais bhreise maidir leis na deimhnithe oifigiúla, na fianuithe oifigiúla agus na fianuithe príobháideacha a bheidh ag gabháil le bia-ainmhithe agus le hearraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine teacht isteach san Aontas;

(f) ceanglais maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmhithe agus a n-iarmhair agus maidir le leibhéil éilleán agus iarmhair lotnaidicídí i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus i dtáirgí ilchodacha, i gcás ina dtagann na bia-ainmhithe sin, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha isteach san Aontas ó thríú tíortha agus go bhfuil sé beartaithe iad a chur ar mhargadh an Aontais, agus go bhfuil gá leis na ceanglais sin chun a áirithiú go soláthraíonn na bia-ainmhithe sin, na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin agus na táirgí ilchodacha sin leibhéal cosanta do shláinte an duine atá coibhéiseach leis an leibhéal dá bhforáiltear i rialacha ábhartha an Aontais maidir le sábháilteacht bia;

(g) an ceanglas nach dtiocfaidh bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach ó thríú tíortha a sholáthraíonn fianaise agus ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo trí phlean rialaithe a chur isteach.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ainmhithe agus earraí nach bhfuil beartaithe lena dtomhailt ag an duine, ach amháin nuair nach mbeidh cinneadh déanta maidir le ceann scríbe na n-ainmhithe agus na n-earraí ar theacht isteach san Aontas dóibh agus i gcás nach féidir a eisiamh go fóill go bhfuil siad beartaithe lena dtomhailt ag an duine, beidh feidhm ag an Rialachán seo;

(b) ainmhithe agus earraí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine ach atá ar idirthuras tríd an Aontas amháin, gan iad a bheith á gcur ar an margadh;

(c) earraí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine chun críche samplaí chun anailís a dhéanamh ar tháirgí agus chun tástáil cáilíochta a dhéanamh orthu gan iad á gcur ar an margadh.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘teacht isteach san Aontas’ teacht isteach san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (40), de Rialachán (AE) 2017/625;

(2) ciallaíonn “coinsíneacht” coinsíneacht mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (37), de Rialachán (AE) 2017/625;

(3) ciallaíonn “ainmhithe” ainmhithe mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (9), de Rialachán (AE) 2017/625;

(4) ciallaíonn “earraí” earraí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, i bpointe (11) de Rialachán (AE) 2017/625;

(5) ciallaíonn 'coibhéis' coibhéis mar a shainmhínítear í in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;

(6) ciallaíonn 'bunaíocht' bunaíocht mar a shainmhínítear í in Airteagal 2(1), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;

(7) ciallaíonn 'deimhniú oifigiúil' deimhniú oifigiúil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, i bpointe (27) de Rialachán (AE) 2017/625;

(8) ciallaíonn 'earraí' earraí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, i bpointe (28) de Rialachán (AE) 2017/625;

(9) ciallaíonn 'fianú príobháideach' fianú arna shíniú ag an oibreoir gnó bia a thugann earraí isteach san Aontas;

(10) ciallaíonn 'cur ar an margadh' cur ar an margadh mar a shainmhínítear é Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (CE) 178/2002;

(11) ciallaíonn 'feoil úr’ feoil úr mar a shainmhínítear í i bpointe 1.10 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(12) ciallaíonn 'mionfheoil’ mionfheoil mar a shainmhínítear í i bpointe 1.13 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(13) ciallaíonn 'ullmhóidí feola’ ullmhóidí feola mar a shainmhínítear iad i bpointe 1.15 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(14) ciallaíonn 'táirgí feola’ táirgí feola mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(15) ciallaíonn 'feoil díchnámhaithe go meicniúil’ feoil díchnámhaithe go meicniúil mar a shainmhínítear í i bpointe 1.14 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(16) ciallaíonn 'geilitín’ geilitín mar a shainmhínítear é i bpointe 7.7 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(17) ciallaíonn 'collaigin’ collaigin mar a shainmhínítear í i bpointe 7.8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(18) ciallaíonn 'táirgí de bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte’ táirgí an-mhínphróiseáilte dá dtagraítear in Alt XVI, pointe 1, d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(19) ciallaíonn 'moilisc dhébhlaoscacha’ moilisc dhébhlaoscacha mar a shainmhínítear iad i bpointe 2.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(20) ciallaíonn 'táirgí iascaigh’ táirgí iascaigh mar a shainmhínítear iad i bpointe 3.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(21) ciallaíonn 'táirge ilchodach’ bia ina bhfuil idir tháirgí de bhunadh plandaí agus tháirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch;

(22) ciallaíonn 'substaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de’ substaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090[25];

(23) Ciallaíonn 'éilleán’ éilleán mar a shainmhínítear é sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 315/93[26];

(24) ciallaíonn 'iarmhair lotnaidicídí’ iarmhair lotnaicicídí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(2), pointe (c), de Rialachán (EC) 396/2005;

(25) ciallaíonn ‘táirge de bhunadh ainmhíoch’ táirge de bhunadh ainmhíoch faoi mar a shainmhínítear iad i bpointe 8.1 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(26) ciallaíonn ‘plean rialaithe le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de’ plean rialaithe maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, teorainneacha uasta iarmhair na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, uasleibhéil éilleán i mbia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear iad sin a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha;

(27) ciallaíonn 'feithidí’ bia arb éard atá ann feithidí nó a gcodanna, nó atá ar leithlis uathu nó a tháirgtear uathu, lena n-áirítear aon staid saoil feithidí atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus atá údaraithe, nuair is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] agus atá san áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha atá bunaithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470[28] ón gCoimisiún (“liosta an Aontais de bhianna núíosacha”);

(28) Ciallaíonn “idirthuras” idirthuras mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, i bpointe (44) de Rialachán (AE) 2017/625;

(29) ciallaíonn ‘feoil reiptíle’ na codanna inite, neamhphróiseáilte nó próiseáilte, atá díorthaithe ó reiptílí saothraithe, a bhaineann leis an speiceas *ailigéadar Misisípeach, Crocodylus johnstoni, Crocodylus niloticus*, *Crocodylus porosus, Timon lepidus,*

---

[25] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cásanna ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh nó i gcásanna neamhchomhlíonta i ndáil le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe i dtáirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe nó i ndáil le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de (IO L 317, 9.12.2019, lch. 28).

[26] Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1).

[27] Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

[28] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

*Python reticulatus, Python molurus bivittatus* nó *Pelodiscus sinensis*, atá údaraithe, nuair is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 agus atá ar áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha;

(30) ciallaíonn "seilidí" seilidí mar a shainmhínítear iad i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus aon speiceas eile seilidí d'fhine *Helicidae, Hygromiidae* nó *Sphincterochilidae*, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine;

(31) ciallaíonn "bia" bia mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

(32) ciallaíonn "beatha" nó "ábhar beatha" beatha nó ábhar beatha faoi mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (4) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

(33) ciallaíonn "iniúchóireacht" iniúchóireacht mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (30) de Rialachán (AE) 2017/625;

(34) ciallaíonn "údaráis inniúla" mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (3) de Rialachán (AE) 2017/625;

(35) ciallaíonn "eascróga" eascróga mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 208/2013[29];

(36) ciallaíonn "táirgeadh príomhúil" táirgeadh príomhúil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (17), de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

(37) ciallaíonn "seamlas" seamlas mar a shainmhínítear é i bpointe 1.16 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(38) ciallaíonn "bunaíocht láimhseála géim" bunaíocht láimhseála géim mar a shainmhínítear í i bpointe 1.18 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(39) ciallaíonn "ionad spólta" ionad spólta mar a shainmhínítear é i bpointe 1.17 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(40) ciallaíonn "limistéar táirgeachta" limistéar táirgeachta mar a shainmhínítear é i bpointe 2.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(41) ciallaíonn 'long phróiseála' long phróiseála mar a shainmhínítear í i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(42) ciallaíonn 'reothrálaer' reothrálaer mar a shainmhínítear é i bpointe 3.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(43) ciallaíonn 'soitheach cuisnithe' soitheach atá feistithe chun earraí (bulc) lastais ar phailléad nó scaoilte a stóráil agus a iompar i mboilg nó i gcoimeádáin theochtrialaithe;

(44) ciallaíonn 'táirgí déiríochta' táirgí déiríochta mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 853/2004;

(45) ciallaíonn 'táirgí uibhe' táirgí uibhe mar a shainmhínítear iad i bpointe 7.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

[29] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 208/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le ceanglais inrianaitheachta le haghaidh eascróg agus síolta atá beartaithe chun eascróga a tháirgeadh (IO L 68, 12.3.2013, lch. 16).

(46) ciallaíonn 'oibreoir gnó bia' oibreoir gnó bia mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

(47) ciallaíonn “oibreoir” oibreoir mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (29) de Rialachán (AE) 2017/625;

(48) ciallaíonn “post rialaithe teorann” post rialaithe teorann mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (38), de Rialachán (AE) 2017/625.

# CAIBIDIL II:
# Coinníollacha maidir le teacht isteach san Aontas i ndáil le tríú tíortha tionscnaimh nó réigiúin díobh

*Airteagal 3*

**Bia-ainmhithe agus earraí a gceanglaítear orthu teacht ó thríú tíortha nó réigiúin díobh a áirítear ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625**

Ní thiocfaidh coinsíneachtaí na mbia-ainmhithe agus na n-earraí seo a leanas a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine, isteach san Aontas ach ó thríú tír nó ó réigiún den tír sin a áirítear ar an liosta le haghaidh na mbia-ainmhithe agus na n-earraí sin, liosta a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405:

(a) ainmhithe beo a bhfuil cóid Ainmníochta Comhcheangailte (“cóid AC”) leagtha síos ina leith i gCuid a Dó, Caibidil 1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, i gcás inar bia-ainmhithe na hainmhithe beo sin;

(b) táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear feoil reiptíle agus feithidí iomlána marbha, codanna d’fheithidí nó feithidí próiseáilte, ar táirgí iad atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus ar leagadh síos na cóid seo a leanas ina leith i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87:

(i) cóid AC i gCaibidil 2 go Caibidil 5, i gCaibidil 15, i gCaibidil 16 nó i gCaibidil 29; nó

(ii) Ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe (“Ceannteidil CC”) 0901, 1702, 2105, 2106, 2301, 3001, 3002, 3302, 3501, 3502, 3503, 3504, 3507, 3913, 3926, 4101, 4102, 4103 nó 9602;

(c) seilidí beo, seachas gnamháin, dá dtagraítear le cód AC 0307 60 00 de Chuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(d) plúr pailine a thagann faoin gcód AC ex 1212 99 95 de Chuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

*Airteagal 4*

**Ceanglais bhreise maidir le teacht isteach bia-ainmhithe agus earraí ó thríú tír nó ó réigiún díobh san Aontas**

De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, ní dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le tríú tíortha nó réigiúin díobh a chur ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a) den Rialachán sin ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil na ceanglais seo a leanas coibhéiseach ar a laghad leis na ceanglais

ábhartha san Aontas maidir leis na bia-ainmhithe agus maidir leis na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo:

(a) reachtaíocht an tríú tír maidir le:

(i) táirgeadh earraí de bhunadh ainmhíoch;

(ii) úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta, lena n-áirítear rialacha maidir lena dtoirmeasc nó lena n-údarú, lena ndáileadh, lena gcur ar an margadh agus leis na rialacha lena gcumhdaítear riar agus cigireacht;

(iii) beatha a ullmhú agus a úsáid, lena n-áirítear na nósanna imeachta chun breiseáin a úsáid agus chun ábhair bheathúcháin íocleasaithe a ullmhú agus a úsáid, chomh maith le cáilíocht sláinteachais na n-amhábhar a úsáidtear chun ábhair bheathúcháin agus an táirge deiridh a ullmhú;

(b) coinníollacha sláinteachais táirgthe, monaraithe, láimhseála, stórála agus seolta a chuirtear i bhfeidhm ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe don Aontas faoi láthair;

(c) aon taithí ar mhargú na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch ón tríú tír agus torthaí maidir le haon rialuithe oifigiúla ar theacht isteach san Aontas;

(d) nuair a bheidh siad ar fáil, torthaí na n-iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa tríú tír a bhaineann le bia-ainmhithe agus le hearraí eile a bhfuil an tríú tír liostaithe ina leith cheana i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625, go háirithe torthaí an mheasúnaithe a rinne na húdaráis inniúla sa tríú tír a ndearnadh iniúchadh uirthi, agus an ghníomhaíocht a rinne na húdaráis inniúla i bhfianaise aon mholadh a cuireadh chucu tar éis na n-iniúchtaí sin a bheith déanta ag an gCoimisiún;

(e) clár rialaithe zónóisí a bheith ann, a chur chun feidhme agus a chur in iúl, ar clár é a bheidh formheasta ag an gCoimisiún i gcás inarb infheidhme;

(f) ceanglais an tríú tír maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de, i gcomhréir le hAirteagal 6.

*Airteagal 5*

**Ainmhithe agus táirgí lena mbaineann Airteagal 6 go hAirteagal 12**

1. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6 go hAirteagal 12 maidir leis na hainmhithe agus na táirgí seo a leanas:

(a) ainmhithe beo a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith i gCuid a Dó, Alt 1, Caibidil 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, i gcás inar bia-ainmhithe na hainmhithe sin;

(b) táirgí de bhunadh ainmhíoch, a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith i gCuid a Dó, Caibidlí 2 go 5, 15 agus 16, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, agus a bhfuil fo-ceanntheidil an Chórais Chomhchuibhithe ('fo-cheanntheidil CC') leagtha síos ina leith faoi cheannteidil HS 0901, 2105, 3501, 3502 agus 3504;

(c) táirgí ilchodacha ar leagadh síos cóid AC ina leith i gCuid a Dó, Alt III, Caibidil 15, agus Alt IV, Caibidlí 16 go 22, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

2. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6 go 12 maidir le

– geilitín agus amhábhair chun geilitín a tháirgeadh, dá dtagraítear in Alt XIV, Caibidil I, pointe 1, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, agus

– collaigin agus amhábhair chun collaigin a tháirgeadh, dá dtagraítear in Alt XV, Caibidil I, pointe 1, d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, agus

– táirgí de bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte, agus

– Feithidí, froganna, cosa froganna, seilidí, reiptílí agus feoil reiptílí.

*Airteagal 6*

**Ceanglais bhreise maidir le teacht isteach bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha san Aontas, maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus maidir le hiarmhair díobh, éilleáin agus iarmhair lotnaidicídí**

1. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625, ní thiocfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin ó thríú tír a bhfuil plean rialaithe i bhfeidhm aici le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de, lena leagtar amach na ráthaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

   (a) ceanglais an Aontais maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, uasleibhéil iarmhair na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, uasleibhéil iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil éilleán; agus

   (b) na ceanglais bhreise a shonraítear in Airteagal 9 go hAirteagal 12 den Rialachán seo.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, ní dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le tríú tír a chur ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a) den Rialachán sin ach amháin má chuireann an tríú tír sin fianaise agus ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo ar fáil, mar aon leis an bhfaisnéis a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, san iarraidh ar thríú tíortha atá le cur isteach ag an tríú tír sin faoi Airteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625 a chur ar an liosta.

3. Tar éis dó tríú tír a fhormheas ar liosta na dtríú tíortha údaraithe, áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, go leanfaidh an tríú tír de na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

4. Chun críocha mhír 3, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhianaise nuashonraithe agus na ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i mír 1, lena n-áirítear an fhaisnéis a cheanglaítear maidir le plean rialaithe an tríú tír le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de i gcomhréir le Cuid II d'Iarscríbhinn I, atá le cur isteach ag an tríú tír sin faoin 31 Márta gach bliain.

### *Airteagal 7*

### Tríú tír a áireamh ar liosta de thríú tíortha a chomhlíonann ceanglais an Aontais maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus maidir le hiarmhair díobh, éilleáin agus iarmhair lotnaidicídí

De bhreis ar na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625, ní thiocfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach ó thríú tír a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) agus atá san áireamh i liosta na dtríú tíortha atá formheasta maidir le teacht isteach san Aontas na mbia-ainmhithe nó na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch lena mbaineann, a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

### *Airteagal 8*

### Maolú ar na ceanglais maidir le teacht isteach bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha san Aontas

1. De mhaolú ar Airteagal 7, féadfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nach bhfuil plean rialaithe formheasta acu le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta, lotnaidicídí agus éilleán de ach a áirithiú go mbeidh na bia-ainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír a áirítear ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann leis na bia-ainmhithe nó na táirgí de bhunadh ainmhíoch sin.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, ní dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le tríú tír a chur ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a) den Rialachán sin ach amháin má chuireann údarás inniúil an tríú tír sin fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo. Is éard a bheidh san fhianaise agus sna ráthaíochtaí sin faisnéis maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa tríú tír sin chun inrianaitheacht agus tionscnamh na mbia-ainmhithe sin agus na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch sin a ráthú.

3. I gcás ina n-áireofar tríú tír, i gcomhréir le mír (1) agus le mír (2), ar liosta na dtríú tíortha atá údaraithe le haghaidh bia-ainmhithe sonracha nó táirgí sonracha de bhunadh ainmhíoch, beidh an nóta seo a leanas ag gabháil leis an iontráil maidir leis an tríú tír sin:

   'Tríú tír, nach ndéanfaidh ach bia-ainmhithe sonracha nó táirgí sonracha de bhunadh ainmhíoch amháin a thabhairt isteach sa Aontas – mar sin nó mar chomhábhair de tháirgí ilchodacha –, ar táirgí iad (a) de thionscnamh tríú tíortha eile atá údaraithe chun bia-ainmhithe nó táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, nó (b) de thionscnamh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/... ón gCoimisiún [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo*].'.

   Maidir le tríú tíortha, mar gheall ar cheanglais sláinte ainmhithe, nach gceadaítear dóibh bia-ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, beidh an nóta seo a leanas ag gabháil leis an iontráil maidir leis an tír sin:

   'Tríú tír, nach ndéanfaidh ach táirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas ina bhfuil táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch, ar de thionscnamh (a) tríú tíortha eile

atá údaraithe leis na táirgí sin de bhunadh ainmhíoch sin a theacht isteach san Aontas, nó (b) Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 8 de de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022 /… ón gCoimisiún [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo*].'.

4. Chun cásálacha atá beartaithe lena dteacht isteach san Aontas a tháirgeadh, féadfaidh tríú tíortha úsáid a bhaint as amhábhair de bhunadh ainmhíoch a fhaightear ó Bhallstáit nó ó thríú tíortha eile nó ó réigiúin díobh, atá údaraithe le feoil úr, nó táirgí áirithe feola agus goilí, lamhnáin agus ionathair chóireáilte a theacht isteach san Aontas, agus a liostaítear sna liostaí ábhartha d'fheoil úr agus de tháirgí feola den sórt sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404[30] ón gCoimisiún nó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Tríú tíortha a thugann isteach cásálacha de chuid an Aontais, liostófar iad in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 maidir le cásálacha. Ina theannta sin, déanfar na bunaíochtaí óna dtabharfar na cásálacha isteach san Aontas a liostú i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Rialachán seo.

5. Tar éis dó an tríú tír a fhormheas ar liostaí na dtríú tíortha údaraithe dá dtagraítear san Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 127(4) de Rialachán (AE) 2017/625, go leanfaidh an tríú tír de na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

# CAIBIDIL III:
# Coinníollacha maidir le teacht isteach san Aontas i ndáil le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus i ndáil le hiarmhair na substaintí sin, éilleáin agus iarmhair lotnaidicídí

*Airteagal 9*

**Ceanglais a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmhithe agus úsáid iarmhair díobh i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus i dtáirgí ilchodacha**

1. Ní thiocfaidh bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin ó thríú tíortha a thugann ráthaíochtaí go bhfuil na rialuithe ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2022/x [C(2022)4400] agus ar úsáid iarmhair na substaintí díobh coibhéiseach ar a laghad leo siúd a cheanglaítear ar phleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúla na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/xx [C(2022)4401].

2. I gcás ina n-údaraíonn tríú tír úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ainmhithe nach bhfuil údaraithe d'ainmhithe den sórt sin

---

30 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

san Aontas, ní thiocfaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin sa mhéid go dtugann an tríú tír sin ráthaíochtaí nach bhfuil aon iarmhar díobh sna hainmhithe ná sna táirgí sin. Comhlíonfaidh na modhanna anailíse a úsáidfear chun a léiriú nach bhfuil na hiarmhair sin ann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/808 nó ceanglais atá coibhéiseach leo sin.

*Airteagal 10*

**Ceanglais maidir le substaintí áirithe a thoirmeasc**

1. Ní thiocfaidh bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin ó thríú tíortha a thugann ráthaíochtaí go bhfuil toirmeasc ar bhéite-agónaithe agus ar aon substaint stilbéineach, thíorastatach, éastraigineach, andraigineach ná aon substaint le linn tréimhse iompair in ainmhithe feirme a leagtar síos i dTreoir 96/22/CE á gcomhlíonadh, agus go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí a liostaítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010.

2. Ní thiocfaidh bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha ó thríú tíortha lena n-údaraítear na substaintí dá dtagraítear i mír 1 a úsáid i mbia-ainmhithe nó nach bhfuil rialacha acu maidir le húsáid na substaintí sin, isteach san Aontas ach sa mhéid go dtugann na tríú tíortha sin ráthaíochtaí:

(a) go bhfuil córas táirgeachta ar leithligh curtha ar bun acu chun a áirithiú nach ndéanfar bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha atá beartaithe le teacht isteach san Aontas a chóireáil leis na substaintí dá dtagraítear i mír 1, agus

(b) go bhfuil córas aitheantais agus inrianaitheachta iomchuí d'ainmhithe curtha ar bun acu, mar aon le córas chun rialú a dhéanamh ar dháileadh na substaintí dá dtagraítear i mír 1 agus chun riar táirgí íocshláinte tréidliachta a thaifeadadh agus a choimeád.

*Airteagal 11*

**Ceanglais a mhéid a bhaineann le hiarmhair lotnaidicídí i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha**

Ní thiocfaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin ó thríú tíortha a thugann ráthaíochtaí go ndéantar rialuithe ionadaíocha ar iarmhair lotnaidicídí chun a léiriú go gcomhlíonann na táirgí sin na huasleibhéil iarmhar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Beidh na ráthaíochtaí sin comhionann ar a laghad leo siúd dá bhforáiltear leis na cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla d'iarmhair lotnaidicídí dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1355.

*Airteagal 12*

**Ceanglais a mhéid a bhaineann le héilleáin i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha**

Ní thiocfaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha isteach san Aontas ach amháin ó thríú tíortha a thugann ráthaíochtaí go gcomhlíonann na táirgí sin na huaslámhaltais d'éilleáin arna mbunú ar bhonn Rialachán (CEE) Uimh. 315/93. Beidh na ráthaíochtaí sin comhionann ar a laghad leo siúd dá bhforáiltear leis na pleananna rialaithe náisiúnta

ilbhliantúla arna mbunú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932.

# CAIBIDIL IV:
# Coinníollacha maidir le teacht isteach san Aontas i gcás bunaíochtaí

*Airteagal 13*

**Ceanglais maidir le bunaíochtaí**

1. Ní thiocfaidh coinsíneachtaí na n-earraí seo a leanas isteach san Aontas ach amháin i gcás ina seoltar na coinsíneachtaí sin ó bhunaíochtaí, agus ina bhfaightear nó ina n-ullmhaítear iad i mbunaíochtaí, atá le feiceáil ar liostaí arna dtarraingt suas agus arna gcoimeád cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(ii) agus pointe (iii), de Rialachán (AE) 2017/625:

   (a) táirgí de bhunadh ainmhíoch, a bhfuil ceanglais maidir leo leagtha síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, agus a bhfuil na cóid seo a leanas leagtha síos ina leith i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87:

      (i) cóid AC i gCaibidil 2 go Caibidil 5, i gCaibidil 15 nó i gCaibidil 16; nó

      (ii) Fo-cheannteidil faoi cheannteidil CC 1702, 2105, 2106, 2301, 2932, 3001, 3002, 3501, 3502, 3503, 3504, 4101, 4102 nó 4103;

   (b) eascróga a thagann faoi na fo-cheannteidil CC seo a leanas: 0704 90, 0706 90, 0708 10, 0708 20, 0708 90 nó 1214 90 de Chuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

2. Ní fhéadfar bunaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 127(3), i bpointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 ach amháin más rud é, de bhreis ar na ráthaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 127(3), i bpointe (e)(ii) agus (iv), de Rialachán (AE) 2017/625, go gcuireann an tríú tír ina bhfuil na bunaíochtaí lonnaithe na ráthaíochtaí seo a leanas ar fáil:

   (a) go gcomhlíonann na bunaíochtaí sin, mar aon le haon bhunaíocht a láimhseálann amhábhair de bhunadh ainmhíoch a úsáidtear i monarú na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear i mír 1(a), na ceanglais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2017/625, go háirithe na ceanglais sin de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad;

   (b) nach láimhseálann bunaíochtaí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, ach amhábhair de bhunadh ainmhíoch a thagann ó thríú tíortha a bhfuil plean faireacháin iarmhar formheasta acu don chatagóir táirge sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/xxxx [C(2022)4400] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxx [C(2022)4401], nó ó na Ballstáit;

   (c) go bhfuil fíorchumhachtaí ag an tríú tír lena mbaineann deireadh a chur le bunaíochtaí den sórt sin táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcás nach gcomhlíonann na bunaíochtaí ceanglais ábhartha de chuid an Aontais nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad.

3. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit aon liosta nua agus aon liosta nuashonraithe a gheobhaidh sé ó údaráis inniúla an tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e)(iii), de Rialachán (AE) 2017/625 agus foilseoidh sé na liostaí sin ar a shuíomh gréasáin.

4. Ní cheadóidh na Ballstáit ach amháin na coinsíneachtaí dá dtagraítear i mír 1 a theacht isteach san Aontas ar choinníoll gurb iad údaráis inniúla an tríú tír ag tosú ar dháta foilsithe liostaí na mbunaíochtaí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 a eiseoidh na deimhnithe oifigiúla a cheanglaítear a bheith ag gabháil leis na coinsíneachtaí sin de bhun rialacha is infheidhme de chuid an Aontais.

*Airteagal 14*

**Bunaíochtaí nach bhfuil faoi réir cheanglais Airteagal 13(1)**

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 13(1) maidir le bunaíochtaí nach ndéanann ach na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) táirgeadh príomhúil;

(b) oibríochtaí iompair;

(c) táirgí de bhunadh ainmhíoch a stóráil nach gceanglaítear orthu a bheith i ndálaí stórála teochtrialaithe;

(d) táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte dá dtagraítear i gceannteidil CC 2930, 2932, 3503, 3507 nó 3913 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(e) táirgeadh capsúl geilitín dá dtagraítear faoi cheannteidil CC 3913, 3926 nó 9602 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

# CAIBIDIL V:
# Ceanglais bhreise maidir le hearraí áirithe a bheartaítear lena dtomhailt ag an duine a theacht isteach san Aontas

*Airteagal 15*

**Ceanglais maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr, d'fheoil mhionaithe, d'ullmhóidí feola, d'fheoil díchnámhaithe go meicniúil agus de tháirgí feola agus d'amhábhair atá beartaithe chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh**

Ní thiocfaidh coinsíneachtaí na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas isteach san Aontas ach amháin má rinneadh iad as amhábhair a fuarthas i seamlais, i mbunaíochtaí láimhseála géim, in ionaid spólta agus i mbunaíochtaí a láimhseálann táirgí iascaigh, agus iad le feiceáil ar liostaí de na bunaíochtaí a tarraingíodh suas agus a coimeádadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625:

(a) feoil úr;

(b) feoil mhionaithe;

(c) ullmhóidí feola;

(d) feoil díchnámhaithe go meicniúil agus táirgí feola, seachas craicne mar a shainmhínítear iad i bpointe (45) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2020/692 ón gCoimisiún[31];

(e) amhábhair a bheartaítear chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, dá dtagraítear faoi seach in Alt XIV, Caibidil I, pointe 4(a), agus in Alt XV, Caibidil I, pointe 4(a), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

*Airteagal 16*

**Ceanglais maidir le coinsíneachtaí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí beo**

1. D'ainneoin Airteagal 14 den Rialachán seo, ní thiocfaidh coinsíneachtaí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí beo a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith faoi cheannteideal 0307 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 isteach san Aontas ach amháin ó limistéir táirgthe i dtríú tíortha atá le feiceáil ar na liostaí arna dtarraingt suas ag údaráis inniúla an tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 agus arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún.

2. Féadfaidh na táirgí seo a leanas teacht isteach san Aontas, fiú má dhéantar iad a shaothrú i limistéir nach bhfuil aicmithe ag na húdaráis inniúla sa tríú tír ina dtáirgtear iad i gcomhréir le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2017/625:

   (a) *pectinidae*, ach amháin i gcás ina gcumasaíonn sonraí ó chláir faireacháin arna mbunú faoi Airteagal 57 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 do na húdaráis inniúla na forais iascaireachta a aicmiú mar dá bhforáiltear in Alt VII, Caibidil IX, pointe 2, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

   (b) gastrapóid mhuirí nach scagbheathóirí iad agus eicínideirmigh nach scagbheathóirí iad.

*Airteagal 17*

**Limistéir táirgeachta a liostú**

1. Sula ndéanfaidh údaráis inniúla an tríú tír na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) den Rialachán seo a tharraingt suas, tabharfar aird ar leith ar na ráthaíochtaí is féidir le húdaráis inniúla an tríú tír a thabhairt maidir le ceanglais Airteagal 52 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 maidir le haicmiú agus rialú limistéar táirgthe a chomhlíonadh.

2. Tabharfaidh an Coimisiún cuairt rialaithe ar an láthair sula ndéanfar na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a tharraingt suas.

3. A luaithe a dhréachtaítear na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 16(1), agus i gcás ina dtugann údaráis inniúla an tríú tír ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le aicmiú agus rialú limistéar táirgthe atá faoina bhfreagracht, ní gá cuairt rialaithe an Choimisiúin

---

[31] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

ar an láthair a thabhairt sula gcuirfear limistéar táirgthe nua le liosta atá ann cheana agus a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 13.

*Airteagal 18*

**Ceanglais speisialta maidir le táirgí iascaigh**

Ní thiocfaidh coinsíneachtaí táirgí iascaigh a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith faoi cheannteidil 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0309, 1504, 1516, 1517, 1603, 1604, 1605 nó 2106 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, isteach san Aontas lena gcur ar an margadh ach amháin má fuarthas iad nó má ullmhaíodh iad, ag céim ar bith dá dtáirgeadh, i mbunaíocht ar talamh, i monarcha nó i reothrálaer nó má stóráiltear iad i bhfuarstóras nó i soitheach cuisnithe atá le feiceáil ar liosta arna tharraingt suas agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún.

*Airteagal 19*

**Ceanglais speisialta maidir le soithí a liostú**

1. Féadfar soitheach a áireamh ar na liostaí bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 127(3), pointe (e)(ii), de Rialachán (AE) 2017/625 ar choinníoll go ndéanfaidh údaráis inniúla an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach, agus údaráis inniúla tríú tír eile a bhfuil freagracht tarmligthe ag údaráis inniúla an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach as cigireacht a dhéanamh ar an soitheach lena mbaineann teachtaireacht chomhpháirteach a chur ar fáil don Choimisiún ina luafar go gcomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

   (a) tá an dá thríú tír le feiceáil ar liosta na dtríú tíortha nó réigiún díobh, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, óna gceadaítear teacht isteach táirgí iascaigh san Aontas;

   (b) tugtar isteach i dtír na táirgí iascaigh uile ón soitheach lena mbaineann atá beartaithe lena gcur ar an margadh san Aontas go díreach sa tríú tír a bhfuil freagracht tarmligthe ag an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach as cigireacht a dhéanamh ar an soitheach lena mbaineann;

   (c) rinne na húdaráis inniúla tharmligthe cigireacht ar an soitheach agus dhearbhaigh siad go gcomhlíonann sé na ceanglais is infheidhme de chuid an Aontais is infheidhme;

   (d) tá sé dearbhaithe ag na húdaráis inniúla tharmligthe go ndéanfaidh siad cigireacht rialta ar an soitheach lena áirithiú go leanfaidh sé de cheanglais infheidhme an Aontais a chomhlíonadh.

2. Féadfar soitheach a áireamh ar na liostaí bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 127(3), pointe (e)(ii) de Rialachán (AE) 2017/625 ar bhonn teachtaireacht chomhpháirteach ó údaráis inniúla an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach agus ó údaráis inniúla Ballstáit a bhfuil freagracht tarmligthe ag údaráis inniúla an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach as cigireacht a dhéanamh ar an soitheach lena mbaineann, má chomhlíontar na ceanglais seo a leanas ar fad:

   (a) tugtar isteach i dtír na táirgí iascaigh uile ón soitheach lena mbaineann atá beartaithe lena gcur ar an margadh san Aontas go díreach sa Bhallstát a bhfuil

freagracht tarmligthe ag an tríú tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach as cigireacht a dhéanamh ar an soitheach lena mbaineann;

(b) rinne na húdaráis inniúla tharmligthe cigireacht ar an soitheach agus dhearbhaigh siad go gcomhlíonann sé na ceanglais is infheidhme de chuid an Aontais is infheidhme;

(c) tá sé dearbhaithe ag na húdaráis inniúla tharmligthe go ndéanfaidh siad cigireacht rialta ar an soitheach lena áirithiú go leanfaidh sé de cheanglais infheidhme an Aontais a chomhlíonadh.

*Airteagal 20*

**Ceanglais maidir le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha**

1. Maidir le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha dá dtagraítear sna cóid AC faoi cheannteidil 1517, 1518, 1601 00, 1602, 1603 00, 1604, 1605, 1702, 1704, 1806, 1901, 1902, 1904, 1905, 2001, 2004, 2005, 2008, 2101, 2103, 2104, 2105 00, 2106, 2202 nó 2208 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ní thiocfaidh siad isteach san Aontas lena gcur ar an margadh ach amháin más rud é gur táirgeadh gach táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha i mbunaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha nó i réigiúin díobh agus gur údaraíodh iad chun na táirgí próiseáilte sin de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 13 nó gur táirgeadh iad i mbunaíochtaí atá lonnaithe sna Ballstáit.

2. Go dtí go mbunóidh an Coimisiún liosta sonrach de thríú tíortha nó réigiúin díobh atá údaraithe chun táirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas, féadfar coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ó thríú tíortha nó ó réigiúin díobh a thabhairt isteach san Aontas, faoi réir chomhlíonadh na rialacha seo a leanas:

(a) beidh na táirgí ilchodacha dá dtagraítear i mír 1 ar gá iad a iompar nó a stóráil faoi theocht rialaithe, de thionscnamh tríú tíortha nó réigiún díobh a údaraítear, faoi Airteagal 3, chun gach táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas;

(b) maidir leis na táirgí ilchodacha dá dtagraítear i mír 1 nach gá iad a iompar ná a stóráil faoi theochtaí rialaithe agus ina bhfuil aon chainníocht de tháirgí atá bunaithe ar ghruth buí nó de tháirgí feola, beidh siad de thionscnamh tríú tíortha nó réigiúin díobh a údaraítear, faoi Airteagal 3, chun na táirgí bunaithe ar ghruth buí nó táirgí feola atá sna táirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas;

(c) beidh na táirgí ilchodacha dá dtagraítear i mír 1 nach gá iad a iompar ná a stóráil faoi theochtaí rialaithe agus ina bhfuil táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch a bhfuil ceanglais leagtha síos ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus seachas táirgí bunaithe ar ghruth buí nó ar tháirgí feola, de thionscnamh tríú tíortha nó réigiúin díobh a údaraítear, faoi Airteagal 3 den Rialachán seo, chun táirgí feola, táirgí déiríochta, táirgí iascaigh nó táirgí uibhe a thabhairt isteach san Aontas ar bhonn cheanglais an Aontais maidir le sláinte ainmhithe agus maidir leis an tsláinte phoiblí agus a liostaítear i gcás ceann amháin ar a laghad de na táirgí sin de bhunadh ainmhíoch.

3. Na tríú tíortha nó réigiúin díobh a thugann táirgí ilchodacha isteach san Aontas, áireofar iad ar an liosta a leagtar síos in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar thíortha nó réigiúin ag a bhfuil plean rialaithe formheasta, i gcomhréir le Treoir 6 den Rialachán seo, le haghaidh an speicis nó na dtráchtearraí óna ndíorthaítear na táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha, cé is moite de chollaigin, geilitín agus táirgí atá an-mhínphróiseáilte.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 maidir le táirgí ilchodacha fadré nach bhfuil iontu ach táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch nó táirgí ilchodacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [33], Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [34], nó nach bhfuil iontu ach vitimín D3.

# CAIBIDIL VI: Coinníollacha maidir le teacht isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le deimhniú agus fianú

*Airteagal 21*

**Deimhnithe oifigiúla**

1. Ní thiocfaidh aon choinsíneacht de na táirgí seo a leanas isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leis an gcoinsíneacht, ach amháin i gcás coinsíneachtaí nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh dóibh:

   (a) ainmhithe beo a bhfuil cóid AC leagtha síos ina leith i gCuid a Dó, Alt 1, Caibidil I, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, i gcás inar bia-ainmhithe na hainmhithe beo sin;

   (b) táirgí de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a bhfuil na cóid seo a leanas leagtha síos ina leith i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87:

      (i) cóid AC i gCaibidil 2 go Caibidil 5, i gCaibidil 15, i gCaibidil 16 nó i gCaibidil 29; nó

      (ii) Ceannteidil CC 0901, 1702, 2105, 2106, 2301, 3001, 3002, 3501, 3502, 3503, 3504, 3507, 3913, 3926, 4101, 4102, 4103 nó 9602;

   (c) eascróga agus síolta atá beartaithe chun eascróga a tháirgeadh agus dá dtagraítear leis na fo-cheannteidil CC seo a leanas: 0704 90, 0706 90, 0708 10, 0708 20, 0708 90, 0712 34, 0712 35, 0712 50, 0712 60, 0713 10, 0713 33,

[32] Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97 (IO L 354, 31.12.2008, lch. 7).

[33] Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

[34] Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34).

0712 34, 0713 39, 0713 40, 0713 90, 0910 99, 1201 10, 1201 90, 1207 50, 1207 99, 1209 10, 1209 21, 1209 91 nó 1214 90 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(d) plúr pailine dá dtagraítear le cód AC 1212 99 95 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(e) seilidí beo, seachas gnamháin, dá dtagraítear le cód AC 0307 60 00 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(f) táirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointe (a) agus pointe (b), den Rialachán seo, cé is moite de tháirgí ilchodacha fadré nach bhfuil táirgí bunaithe ar ghruth buí ná feoil phróiseáilte iontu seachas geilitín, collaigin nó táirgí den bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte.

2. Nuair a thiocfaidh coinsíneachtaí táirgí iascaigh isteach san Aontas go díreach ó shoitheach cuisnithe, ó mhonarcha nó ó reothrálaer a bhfuil bratach tríú tír ar foluain orthu, féadfaidh an captaen an deimhniú oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 14(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a shíniú.

3. Níl aon deimhniú oifigiúil riachtanach chun go dtiocfaidh capsúil gheilitín isteach san Aontas a chumhdaítear leis na ceannteidil CC 3913, 3926 nó 9602 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, i gcás nach dtagann na capsúil sin ó chnámha athchogantacha.

4. Leis na deimhnithe oifigiúla dá dtagraítear i mír 1, deimhneofar go gcomhlíonann na táirgí an méid seo a leanas:

(a) na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nó forálacha a aithnítear a bheith coibhéiseach leis na ceanglais sin;

(b) aon cheanglas sonrach maidir le teacht isteach san Aontas a leagtar amach sa Rialachán seo.

5. Féadfar a áireamh ar na deimhnithe oifigiúla dá dtagraítear i mír 1 na mionsonraí a cheanglaítear a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le cúrsaí sláinte poiblí agus maidir le cúrsaí sláinte ainmhithe.

6. Gabhfaidh an deimhniú oifigiúil le haghaidh eascróg agus síolta atá beartaithe chun eascróga a tháirgeadh dá dtagraítear i mír 1(c) leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sí a ceann scríbe mar a shonraítear sa deimhniú oifigiúil. I gcás an choinsíneacht á scoilteadh, beidh cóip den deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach cuid den choinsíneacht.

7. Féadfaidh údaráis inniúla an tríú tír seolta, coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch nach gceanglaítear orthu ach fianú sláinte poiblí, nó coinsíneachtaí eascróg, a thagann ó thríú tír eile, a dheimhniú, más féidir le húdaráis inniúla an tríú tír seolta sin a áirithiú go gcomhlíonann an choinsíneacht na ceanglais maidir le teacht isteach san Aontas a leagtar síos sa Rialachán seo

*Airteagal 22*

**Fianú príobháideach**

1. Beidh fianú príobháideach lena ndeimhnítear go gcomhlíonann na coinsíneachtaí na ceanglais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 126(2) de Rialachán (AE)

2017/625, arna n-ullmhú agus arna síniú ag oibreoir gnó bia a thugann earraí isteach san Aontas, ag gabháil leis na nithe seo a leanas:

(a) coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha a bhfuil feidhm ag Airteagal 20(2)(b) ina leith, i gcás nach bhfuil sna táirgí ilchodacha táirgí bunaithe ar ghruth buí ná feoil phróiseáilte seachas geilitín, collaigin nó táirgí de bhunadh ainmhíoch an-mhínphróiseáilte ; agus

(b) coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointe (c), den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 48, pointe (h), de Rialachán (AE) 2017/625, gabhfaidh an fianú príobháideach leis na táirgí ilchodacha tráth a gcuirfear ar an margadh iad.

3. Leis an bhfianú príobháideach dá dtagraítear i mír 1, áiritheofar inrianaitheacht na gcoinsíneachtaí agus áireofar an méid seo a leanas:

(a) faisnéis maidir le coinsíneoir agus coinsíní na n-earraí a thagann isteach san Aontas;

(b) liosta na dtáirgí de bhunadh plandaí agus na dtáirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha, arna léiriú in ord íslitheach de réir meáchain, mar a taifeadadh iad tráth a n-úsáide i monarú na dtáirgí ilchodacha;

(c) an uimhir formheasa arna sannadh don bhunaíocht/do na bunaíochtaí a mhonaraíonn na táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá le fáil sna táirgí ilchodacha, ar tugadh formheas di/dóibh faoi Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, a léireofar ag oibreoir gnó bia a thugann earraí isteach san Aontas.

4. Déanfaidh an fianú príobháideach dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas a fhianú:

(a) go bhfuil an tríú tír nó réigiún di a tháirgeann na táirge ilchodacha liostaithe do cheann amháin ar a laghad de na catagóirí táirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas:

(i) táirgí feola;

(ii) táirgí déiríochta nó táirgí bunaithe ar ghruth buí;

(iii) táirgí iascaigh;

(iv) ubhtháirgí;

(b) go gcomhlíonann an bhunaíocht a tháirgeann na táirgí ilchodacha caighdeáin sláinteachais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo siúd a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 852/2003;

(c) nach gá na táirgí ilchodacha a stóráil nó a iompar faoi theocht rialaithe;

(d) gur de thionscnamh tríú tíortha nó réigiún díobh, nó ó na Ballstáit, atá údaraithe chun gach táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, na táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha agus go bhfaightear iad ó bhunaíochtaí liostaithe;

(e) go ndearnadh ar a laghad ceann amháin de na cóireálacha dá dtagraítear in Airteagal 163 (1), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ar na táirgí

próiseáilte de bhunadh ainmhíoch a úsáideadh sna táirgí ilchodacha agus go dtabharfar tuairisc ghairid ar na próisis a rinneadh orthu agus ar an teocht a cuireadh i bhfeidhm ar na táirgí ilchodacha.

# CAIBIDIL VII:
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 23*

**Tagairtí**

Déanfar na tagairtí d'Airteagal 29 de Threoir 96/23/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 24*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625.

Déanfar tagairtí don Rialachán Tarmligthe aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 25*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.9.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*